Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Aibreán 2023**
**(OR. en)**

**8610/23**

**COAFR 145**
**CFSP/PESC 614**
**DEVGEN 77**
**COHOM 95**
**COHAFA 46**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Ethiopia<br>- Council Conclusions (24 April 2023) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí na conclúidí ón gComhairle maidir leis an Aetóip, mar a formheasadh iad ag an 3944ú cruinniú den Chomhairle an 24 Aibreán 2023.

**IARSCRÍBHINN**

**An Aetóip**

**Conclúidí ón gComhairle**

1. Is príomh-chomhpháirtí straitéiseach don Aontas Eorpach i gCorn na hAfraice agus i réigiún na Mara Rua í an Aetóip, agus ar bhonn níos leithne ar mhór-roinn na hAfraice. Is mór ag an Aontas an dlúthchomhar agus an t-idirphlé atá ar bun le fada le Rialtas na hAetóipe (GoE) maidir le raon leathan saincheisteanna. Agus réiteach tagtha ar an gcoinbhleacht i dtuaisceart na hAetóipe, tá an tAontas ag tnúth le normalú an chaidrimh leis an Aetóip agus tá sé réidh chun tacú le tuilleadh dul chun cinn ar a bealach i dtreo na síochána marthanaí.

2. Athdhearbhaíonn an tAontas go dtacaíonn sé go hiomlán leis an gComhaontú um Shíocháin Mharthanach trí Shos Comhraic Buan (CoHA) a tugadh i gcrích idir GoE agus Fronta Saoirse Mhuintir Tigray (TPLF) an 2 Samhain 2022. Molann an tAontas an tiomantas leanúnach a léirigh an dá thaobh agus is díol sásaimh dó an dul chun cinn suntasach atá déanta maidir le CoHA a chur chun feidhme, go háirithe maidir leis na hairm a chiúnú, rochtain fheabhsaithe dhaonnúil a éascú, an Coimisiún Náisiúnta Athshlánúcháin a sheoladh chun aghaidh a thabhairt ar an Dí-armáil, an Díshlógadh agus an Athimeascadh (DDR), Misean Fíoraithe Faireacháin agus Comhlíonta an Aontais Afracaigh (AU MVCM) a bhunú, TPLF a dhíliostú mar eagraíocht sceimhlitheoireachta, dul chun cinn a dhéanamh maidir le seirbhísí poiblí a athbhunú agus riarachán eatramhach a cheapadh in Tigray, chomh maith le beartas náisiúnta maidir leis an gceartas idirthréimhseach a fhorbairt go leanúnach.

3. Tá sos comhraic iomlán, rochtain dhaonnúil gan bhac agus cuntasacht as sáruithe agus mí-úsáid chearta an duine ina ngnéithe lárnacha de CoHA. Ba iad sin príomhthosaíochtaí an Aontais agus is iad a bheidh ann i gcónaí. Faoi réir chur chun feidhme marthanach CoHA, fillfidh an tAontas de réir a chéile ar Rannpháirtíocht Straitéiseach[1] iomlán neartaithe leis an Aetóip. Tá an tAontas ag tnúth le dlús a chur an athuair leis an idirphlé polaitiúil ar gach leibhéal iomchuí le GoE, agus leis an idirphlé earnálach a athsheoladh. Le rannpháirtíocht agus comhar níos dírí agus níos rialta, beifear in ann comhpháirtíocht níos láidre a bhaint amach.

4. Tá an tAontas réidh chun a chlár ilbhliantúil táscach rialta (MIP) a sheoladh an athuair chun tacú le tuilleadh dul chun cinn maidir le réiteach síochánta coinbhleachta, athmhuintearas, cobhsaíocht agus téarnamh agus cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch a chomhdhlúthú ar fud na hAetóipe. Molann sé go láidir do na hInstitiúidí Idirnáisiúnta Airgeadais cuidiú le GoE aghaidh a thabhairt ar an staid eacnamaíoch chriticiúil sa tír trína clár oibre um athchóiriú eacnamaíoch, agus molann sé do thíortha is creidiúnaithe oibriú i dtreo an próiseas athstruchtúrúcháin fiachais a thabhairt chun críche go pras trí bhíthin an Chomhchreata.

[1] *A Joint Declaration towards an EU-Ethiopia Strategic Engagement* [Dearbhú Comhpháirteach i dtreo Rannpháirtíocht Straitéiseach idir an tAontas agus an Aetóip] a shínigh Príomh-Aire na hAetóipe agus Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh an 14 Meitheamh 2016.

5. Is iad an chuntasacht agus an ceartas idirthréimhseach cnámh droma na síochána marthanaí agus an athmhuintearais. Is díol sásaimh don Aontas an Páipéar Uaine maidir leis an gceartas idirthréimhseach[2] agus molann sé do GoE leanúint de chéimeanna nithiúla a ghlacadh chun na roghanna atá ann a chur chun cinn, i gcomhréir le noirm agus caighdeáin idirnáisiúnta chearta an duine agus le tacaíocht ó ghné idirnáisiúnta, amhail Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine (OHCHR). Tá práinn agus bunriachtanas ag roinnt le himscrúduithe neamhspleácha trédhearcacha neamhchlaonta ar gach líomhain maidir le sáruithe agus mí-úsáidí ar chearta an duine, chomh maith le sáruithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus ar an dlí idirnáisiúnta um dhídeanaithe, arna ndéanamh ag na páirtithe uile. Go háirithe, is saoth leis an Aontas leibhéal uafásach an fhoréigin ghnéasaigh agus inscnebhunaithe a bhaineann le coinbhleachtaí. Mar thosaíocht, cuireann an tAontas i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé rannpháirtíocht láithreach na nósanna imeachta breithiúnacha a áirithiú maidir leis na cásanna is práinní agus chun a áirithiú go gcosnófar fianaise le haghaidh ionchúiseamh amach anseo. Is díol sásaimh dó an comhar atá ann cheana idir Coimisiún na hAetóipe um Chearta an Duine (EHRC) agus OHCHR agus, de réir mar is iomchuí, le comhlachtaí ábhartha eile, agus tá sé réidh chun tacú leis an gcomhar sin. Iarrann an] tAontas ar TPLF agus ar Riarachán Eatramhach Tigray dul i dteagmháil go hoscailte agus go gníomhach leis na geallsealbhóirí ábhartha uile. Tá sé ag tnúth leis an tuarascáil deiridh a thíolacfaidh Coimisiún Idirnáisiúnta na Saineolaithe um Chearta an Duine maidir leis an Aetóip (ICHREE) ag an 54ú Seisiún den Chomhairle um Chearta an Duine sa Ghinéiv. Ar deireadh, tá an tAontas réidh chun tacú leis an bpróiseas chun ceartas idirthréimhseach agus cuntasacht a bhaint amach.

6. Cuireann an tAontas a dhlúthpháirtíocht le muintir na hAetóipe in iúl, leis na híospartaigh agus lena dteaghlaigh a d’fhulaing mórthionchar daonnúil, eacnamaíoch agus sóisialta na coinbhleachta i dtuaisceart na hAetóipe. Is díol sásaimh don Aontas an rochtain dhaonnúil atá feabhsaithe le déanaí ar fhormhór na limistéar atá buailte ag an gcoinbhleacht i dtuaisceart na hAetóipe. Mar gheall ar na riachtanais dhaonnúla fhorleathana, áfach, lena n-áirítear i gcodanna eile den tír atá buailte ag triomach tromchúiseach agus géarchéimeanna eile, tá gá le freagairt leordhóthanach dhea-chomhordaithe. Is tosaíocht phráinneach láithreach i gcónaí é an chabhair a mhéadú, a sheachadadh agus a mhaoiniú dóibh siúd atá i ngátar, lena n-áirítear iad siúd atá i limistéir ar deacair teacht orthu. Leanfaidh an tAontas de bheith ag tacú le cabhair dhaonnúil a sheachadadh agus a mhaoiniú. Tá sé ríthábhachtach leanúint de na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun timpeallacht fhabhrach a áirithiú d’oibrithe daonnúla chun gur féidir leo oibriú go sábháilte.

---

2 Ethiopia Policy Options for Transitional Justice [Roghanna Beartais na hAetóipe maidir le Ceartas Idirthréimhseach], a tíolacadh le haghaidh an chomhairliúcháin le páirtithe leasmhara i mí Eanáir 2023.

7. Tá cobhsaíocht fhoriomlán, ceannasacht agus iomláine chríochach na hAetóipe, chomh maith lena forbairt shíochánta, ríthábhachtach don tír, don réigiún agus don Aontas. Chun síocháin mharthanach a áirithiú, is díol sásaimh don Aontas gur comhaontaíodh fórsaí eachtracha a tharraingt siar as críoch na hAetóipe. Is mór ag an Aontas Eorpach bunú an Choimisiúin Náisiúnta Athshlánúcháin agus tá sé réidh chun a shaineolas agus a thacaíocht a chur ar fáil do phróiseas DDR a bheidh cuimsitheach trédhearcach. Tá an tAontas Eorpach réidh freisin chun cabhrú leis an Aontas Afracach an MVCM a leathnú agus a chomhdhlúthú.

8. Is díol sásaimh don Aontas na hiarrachtaí breise atá á ndéanamh chun díbhinní nithiúla síochána a thabhairt go pras do na pobail uile atá buailte, lena n-áirítear trí thoghcháin réigiúnacha chuimsitheacha inchreidte shaora chothroma a eagrú in Tigray, chun rialtas réigiúnach a bhunú a thiocfaidh i réim i ndiaidh thréimhse an Riaracháin Eatramhaigh.

9. Cuireann an tAontas in iúl gur cúis mhór imní dó méadú ar an teannas, ar sháruithe agus mí-úsáidí líomhnaithe ar chearta an duine, agus ar an bhforéigean i gcodanna éagsúla den tír, lena n-áirítear in Oromia agus in Amhara. Molann an tAontas go ndéanfaí díghéarú agus idirphlé go práinneach chun síocháin agus cobhsaíocht mharthanach a bhaint amach trí mhodhanna polaitiúla daonlathacha. Molann an tAontas do GoE leanúint de bheith ag obair i dtreo próiseas idirphlé náisiúnta a bheidh trédhearcach cuimsitheach daoine-láraithe. Tacaíonn an tAontas le dálaí a chruthú lena n-áiritheofar rannpháirtíocht iomlán éifeachtach fhóinteach na ngeallshealbhóirí uile, lena n-áirítear mná agus an óige, go háirithe trí shaoirse cainte, saoirse na meán, agus saoirse na sochaí sibhialta.

10. Athdhearbhaíonn an tAontas a ghealltanais a tugadh faoi Straitéis an Aontais do Chorn na hAfraice (2021) agus aithníonn sé ról straitéiseach na hAetóipe i gcúrsaí síochána, slándála agus comhtháthaithe eacnamaíoch i gCorn na hAfraice agus i réigiún na Mara Rua. I bhfianaise na ndúshlán domhanda atá ag dul i méid, bíodh sin maidir le hurraim a thabhairt do phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe, maidir le cur chun cinn an iltaobhachais, maidir leis an athrú aeráide, maidir leis an díghrádú comhshaoil, maidir leis an téarnamh eacnamaíoch, maidir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach, nó maidir leis na géarchéimeanna slándála fuinnimh agus bia, tá gá le freagairtí comhordaithe. Sa chomhthéacs sin, cuireann an tAontas chun suntais na deiseanna a bhaineann le Tairseach Dhomhanda an Aontais agus le Tionscnamh Chorn na hAfraice mar bhealaí chun tacú le haistrithe glasa agus digiteacha atá cliste agus inbhuanaithe, leis an nascacht, agus leis an bhfás eacnamaíoch ar mhaithe le leas frithpháirteach agus de mheon na fíorchomhpháirtíochta.

11. Molann an tAontas go dtabharfaí tacaíocht leanúnach chomhordaithe do na comhpháirtithe idirnáisiúnta uile sa phróiseas síochána. Trí rannpháirtíocht Ionadaí Speisialta an Aontais do Chorn na hAfraice, agus i gcomhar lena Bhallstáit, leanfaidh an tAontas de bheith i ndlúth-theagmháil le GoE agus le comhpháirtithe réigiúnacha agus idirnáisiúnta atá ar aon intinn leis, chun cur chuige comhchoiteann a áirithiú chun tacú le síocháin mharthanach san Aetóip.